Sínigh an achainí a roinnt agus

2015: Bliain Idirnáisiúnta an Chomhthuistithe

2015: Bliain Idirnáisiúnta an Chomhthuistithe

I ndiaidh Bhliain Idirnáisiúnta an Teaghlaigh i 1994 lena chur i gcuimhne dúinn gurb é an teaghlach bunaonad na sochaí agus gur gá aire ar leith a thabhairt air,

I ndiaidh an rúin dar teideal “A world fit for children” (S-27/2, an 6 Bealtaine 2002) lenar ghlac Comhthionól Ginearálta na NA agus a thugann aitheantas don chomhfhreagracht atá ag tuismitheoirí maidir le hoideachas agus tógáil a leanaí, agus don tábhacht a bhaineann le gach iarracht a dhéanamh lena chinntiú go mbíonn an deis ag aithreacha páirt a ghlacadh i saol a leanaí.

Ag féachaint do na hathruithe móra atá tagtha ar phatrúin teaghlaigh le fiche nó tríocha bliain anuas, lena n-áirítear méadú ar an líon teaghlach scartha agus, dá bhrí sin, an baol nach mbeidh páirt chomh lárnach sin á glacadh ag tuismitheoir,

iarraimid :

Bliain idirnáisiúnta chun feasacht an phobail i gcoitinne agus na n-oifigeach tofa ar fad i ngach náisiún a mhéadú maidir leis an gcomhthábhacht atá ar ról na beirte tuismitheoirí - bídís le chéile, scartha nó colscartha - i dtaobh a leanbh / leanaí a thógáil.

Bliain chun deiseanna a chruthú agus réitigh a fháil chun tiomantas gach tuismitheora dá leanbh / leanaí a chur chun cinn agus, thar aon rud eile, chun luach a chur air sin; bliain chun díriú ar ghníomhú agus ar thorthaí trí mhalartú dea-chleachtas.

Bliain chun athmhachnamh a dhéanamh ar chothromas is mó (go háirithe le linn am tuistithe) idir an bheirt tuismitheoirí i gcás scaradh / colscaradh ar mhaithe leis an leanbh.

Bliain chun aitheantas a thabhairt don ról tábhachtach atá ag gach tuismitheoir agus tiomantas na beirte tuismitheoirí dá leanbh / leanaí a cheiliúradh.

Bliain chun cuimhneamh go bhfuil beirt tuismitheoirí uathúla ag gach leanbh - athair agus máthair - a bhfuil na cearta céanna acu agus a bhfuil na freagrachtaí céanna orthu na dálaí maireachtála is fearr is féidir a sholáthar, cion, cúnamh, cosaint agus oideachas a thabhairt dó / di, forbairt a phearsantachta / a pearsantachta a spreagadh, luachanna a roinnt.

Chuige sin, gan féachaint do dhílseachtaí polaitíochta, creideamh nó creidimh shóisialta, athair, máthair, seanmháthair, seanathair, nó díreach saoránach atá tiomanta do chearta daonna, **iarraimid ar Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an teideal seo a thabhairt ar an mbliain 2015 : Bliain Idirnáisiúnta an Chomhthuistithe**

[Facebook « Paternité - Coparentalité »]